



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

S55/20

LEAVING CERTIFICATE EXAMINATIONS

NOVEMBER 2020

CONFIRMATION OF ENTRIES and FINALISATION OF ARRANGEMENTS-

TO THE AUTHORITIES OF POST PRIMARY SCHOOLS

The purpose of this Circular is to provide schools with details of the entries for the Leaving Certificate November 2020 examinations from Leaving Certificate examination candidates who had been scheduled to sit their examinations in that school in June 2020. SEC continues to collate the small number of entries in respect of the Adult Learners and Early School Leavers who plan to take the Junior Cycle November 2020 examinations and will forward these as soon as available.

If there are no Leaving Certificate entries for your school, this will be indicated on the matrix.

As Government has announced that schools will remain open during this current period of Level 5 restrictions, commencing 22nd October, the arrangements whereby these examinations will take place in schools continue to apply.

1. Confirmation of Entries

Please find enclosed a matrix of the Leaving Certificate candidates that have submitted an entry to sit for the November 2020 Leaving Certificate examination in your school.

The matrix also provides details of the number of candidates for each subject and level that each candidate has entered to sit for, as well as the total number of candidates taking that subject.

Copies of the Leaving Certificate Timetable are also enclosed for your information.

2. Finalisation of Arrangements

The overall arrangements for these examinations were set out in SEC Circular S45/20.

As indicated in that circular candidates will sit their examinations in the schools where they had been entered to sit in June 2020.

Circular S45/20 was prepared on the basis of providing supports to schools on the basis that at least 20% of the original Leaving Certificate candidature would apply to sit for some subjects in the November examinations. However, this number has not materialized and the actual percentage that have applied to sit for examinations is closer to 5% of the candidature.

Therefore, it is necessary for the SEC to revise its arrangements for the examinations as set out below.

Examination Aide

The SEC is acutely conscious of the additional load on schools associated with the hosting of the examinations at a time when very considerable time and attention is required for the normal operation of the schools at this time of COVID-19.

Consequently, the SEC intends to make support and resources available to schools to minimise the impact on school management and resources generally, as follows

- Pre-planning for the November examinations – appointment by the school of an Examination Aide (EA) for up to 10 days (details below)
- Logistical support for the conduct of the examinations in schools over the course of the timetable for that school – schools can appoint an Examination Aide for each day of examinations, be it on a weekday evening or weekend day. This EA will be paid a daily rate in respect of each evening/weekend day.
- Additional costs specifically incurred in relation to heating, cleaning, caretaking and PPE within schools associated with the examinations taking place in the evenings and at weekends will be provided by SEC.

As always, schools will appoint the Examination Aides in line with the existing methodology at individual school level. Schools may wish to note that should it not be possible to recruit sufficient personnel from within the teaching cadre in the school, it is in order to recruit a retired teacher from that school.

Roles and Responsibilities of the Examinations Aides

The Examination Aide (EA) dealing with pre-planning and organising for the examinations in advance of November does not necessarily need to be the same person as the EA appointed for the logistical support for the examinations from 16th November onwards, but can be. Should a school have a large number of candidates wishing to sit the 2020 examinations and/or a large spread of examination sessions over the course of the timetable, schools may choose to split the logistical support role over a number of school staff during the course of the examinations.

Indicative list of roles and responsibilities:

Pre-Planning Role

Due to the varying numbers of candidate entries across the second level school network, it is necessary to have a graduated approach to the appointment of the Examination Aide for this purpose, as follows

Number of Candidate Entries	No. of Days*
1 - 5 Candidates	3
6 - 9 Candidates	4
10 - 14 Candidates	5
15 - 19 Candidates	6
20 - 29 Candidates	8
Over 30 Candidates	10

*An additional days payment will be made in respect of each day on which the Examinations Aide must spend in the collection and secure storage of question papers to meet the examination schedule for each individual school – details set out below.

Most of the work of this EA will take place in advance of the examinations commencing on 16th November. Working under the overall guidance of the principal and deputy principal management team, this EA will exercise initiative in meeting the range of responsibilities set out below:

- H/she will be responsible for assigning students to the centres to be used for the examinations on a session by session basis, and to special centres where appropriate.
- The EA will be involved in the recruitment within the school of the superintendents required for each individual examination session across the rooms involved, encompassing both main examination centres (including for aural tests) and special centres. The EA will be conscious of the most appropriate use of space in the context of the school infrastructure and local demands regarding cleaning, sanitising arrangements and the need for school infrastructure to be available for normal school use the following day.
- The EA will draw up a list of examination superintendents and stand-by examination superintendents to cover the period of examinations within the school.
- This EA will organise the receipt of and safe storage of examination stationery, to issue from SEC in advance of the examinations
- This EA will be responsible for the collection of the locked question paper boxes from a SEC-designated distribution centre and for the safe return of this material to schools and its safe storage on the school premises.
- In the interest of risk management and examination security, there will be 3 distribution events where papers will be collected by the EA:

- o on Sunday 15th Nov (containing the papers for examinations scheduled from 16th to 22nd Nov);
- o on 22nd November for examinations scheduled from 23rd to 29th; and
- o on 29th Nov for the remaining examinations in that school.

SEC will meet the expense costs incurred by the EA in undertaking this aspect of the role and will reimburse schools in respect of each day on which question papers fall to be collected for the examinations schedule in each individual school.

Logistical Support Role

This EA will be responsible for the conduct of the examinations on the weekday evenings and at weekends over the course of the schedule. As outlined earlier, this may be a different person as the schedule is rolled out. The range of responsibilities are set out below:

- This EA will ensure that the classrooms or other spaces are prepared for the examinations before each session, including arrangements for the necessary cleaning, sanitising etc, and, in turn, that these spaces are left ready for normal school use at the conclusion of each examination session, including cleaning, sanitising etc.
- Where appropriate depending on local school arrangements, this EA will also ensure that the school premises are locked up and the alarm set as required.
- Meet the students on arrival and direct them to where their examination will take place.
- Liaise with SEC-appointed superintendent to allow this superintendent access to the locked question paper box held in the school's secure location.
- Assist the SEC superintendent in completing the necessary paperwork associated with confirming actual attendance and the levels taken.

Reasonable Accommodation(s)

Candidates who have been approved the use of reasonable accommodation(s) for the June examinations will have access to this resource in November, eg a spelling and grammar waiver, or access to a reader, scribe or special centre.

It is not possible to approve new applications for reasonable accommodation in any other circumstances, other than the normal emergency application process which applies each year. SEC will issue further instructions and guidance to schools in this regard closer to the examinations.

Examination Centres

The SEC is assigning candidates to take their examinations in their own school and not to an individual centre within the school. This is to allow school authorities maximum flexibility in terms of the actual management of the examinations at school level.,

External Superintendent

In terms of the operation of the examinations, the SEC will appoint to each school an external superintendent to deal with the distribution of the examination papers and the management of attendance data associated with the examinations, and to return the completed examination material to the SEC following each examination session. This external superintendent will not invigilate any examination session due to the scale and scope of their responsibilities other than in the very limited circumstances which will apply where there is only one candidate entered to sit in the school.

SEC will not be running a separate recruitment campaign for superintendents, rather it will draw these superintendents from the pool of applicants for the 2020 examinations such that this has no impact on the availability of teachers for normal school work.

Superintendents to invigilate the examinations

Superintendents will be appointed by schools to invigilate all examinations, similar to arrangements for special centres in previous years. Accordingly, schools will deploy superintendents to both main and special centres. The only exception to this arrangement will apply in situations where there is only one candidate entry for the school. In that situation, the SEC-appointed Superintendent will invigilate at the examinations involved. Should schools have any queries in this regard, please contact the SEC at the contact point set out below

Attendants

Attendants are routinely appointed by schools each year to assist superintendents in their role in terms of accompanying candidates to the toilets and liaising with school authorities on behalf of the superintendent. SEC is allowing schools flexibility regarding the appointment of attendants to main centres, not special centres, on a needs basis for the November examinations, and to claim for this from the SEC in due course.

Public Health Guidance

Recognising that the COVID-19 pandemic continues to be a very fluid situation nationally, the SEC will in due course issue guidance to schools regarding any additional public health issues associated with the operation of the examinations. In addition, guidance will issue to candidates intending to take the examinations regarding their individual responsibilities.

Recoupment of Costs from SEC

In due course schools will be asked to claim the costs necessarily and specifically incurred for the November Examinations from the SEC, to include the Examinations Aides, school appointed Superintendents, Attendants, light, heat, caretaking and cleaning.

Further Guidance

The SEC will be issuing further detailed guidance to schools on all of these matters closer to the start of the examinations, along with the arrangements for the marking of the examinations and appeals processes.

In the meantime, if you have any queries please contact the SEC by email on November2020@examinations.ie or by calling the SEC on 1800 111 135 or 1800 111 136.

The SEC again wishes to express its thanks to school authorities for hosting these examinations on behalf of their students from 2020.

Catriona Hanevy
Principal Officer
State Examinations Commission
21 October 2020
Email: info@examinations.ie
Web: www.examinations.ie



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

S55/20

SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

SAMHAIN 2020

**DEIMHNIÚ IONTRÁLACHA agus SOCRUITHE A THABHAIRT CHUN
CRÍCHE -**

CHUIGÚDARÁIS IAR-BHUNSCOILEANNA

Is é aidhm an Chiorcláin seo sonraí a chur ar fáil do scoileanna maidir leis na hiontrálacha do scrúduithe Ardteistiméireacht Shamhain 2020 ó iarrthóirí de chuid scrúdú na hArdteistiméireachta a bhí sceidealaithe lena scrúduithe a dhéanamh i mí an Mheithimh 2020. Tá CSS fós ag tiomsú líon beag na n-iontrálacha i dtaca leis na foghlaimeoirí aosaigh agus na luathfhágálaithe scoile a bhfuil sé beartaithe acu scrúduithe Shraith Shóisearach Shamhain 2020 a dhéanamh agus cuirfear iad seo ar aghaidh a luaithe agus atá siad ar fáil.

Mura bhfuil aon iontrálacha Ardteistiméireachta le haghaidh do scoile, beidh sé seo luaite ar an maitrís.

Ós rud é gur fhógair an Rialtas go mbeidh na scoileanna fós oscailte le linn na tréimhse reatha seo de shrianta Leibhéal 5, ag tosú ar an 22^ú Deireadh Fómhair, beidh na socruithe ina mbeidh na scrúduithe seo ar siúl i scoileanna fós i bhfeidhm.

1. Deimhniú Iontrálacha

Faigh iniata leis seo maitrís d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta a chuir iontráil isteach le scrúdú Ardteistiméireacht Shamhain 2020 a dhéanamh i do scoil.

Sa mhaitrís freisin cuirtear sonraí ar fáil maidir le líon na n-iarrthóirí le haghaidh gach ábhair agus leibhéil a bhfuil iontráil déanta ag gach iarrthóir lena dhéanamh, chomh maith le líon iomlán na n-iarrthóirí atá ag déanamh an ábhair sin.

Tá cóipeanna d'Amchlár na hArdteistiméireachta iniata freisin mar eolas duit.

2. Socruithe a Thabhairt Chun Críche

Leagadh amach na socruithe iomlána le haghaidh na scrúduithe seo i gCiorclán S45/20 de chuid CSS.

Mar atá luaite sa chiorclán sin déanfaidh iarrthóirí a scrúduithe sna scoileanna a raibh iontráil déanta dóibh lena ndéanamh i mí an Mheithimh 2020.

Ullmhaíodh Ciorclán S45/20 ar an mbunús le tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna ar an mbonn go ndéanadh 20% ar a laghad de na hiarrthóirí a bhí leis an Ardteistiméireacht a dhéanamh i dtús ama, iarratas ar roinnt de na hábhair a dhéanamh i scrúduithe na Samhna. Ach, níor tháinig aon bhun ar an líon seo agus tá an fíorchéatadán a rinne iarratas ar na scrúduithe a dhéanamh níos gaire do 5% de na hiarrthóirí.

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach do CSS athruithe a dhéanamh ar a chuid socruithe do na scrúduithe mar atá leagtha amach thíos.

Cúntóir Scrúdaithe

Aithníonn CSS go mór an t-ualach breise atá ar scoileanna a bhaineann leis na scrúduithe a reáchtáil le linn tréimhse nuair atá am agus aird an-suntasach ag teastáil leis na scoileanna a fheidhmiú mar is gnách le linn na tréimhse seo de COVID-19.

Dá bharr sin, tá sé i gceist ag CSS tacaíocht agus acmhainní a bheith curtha ar fáil do scoileanna leis an tionchar a laghdú ar bhainistíocht agus acmhainní na scoile go ginearálta, mar seo a leanas:

- Réamhphleanáil do scrúduithe na Samhna – Cúntóir Scrúdaithe (CS) ceaptha ag an scoil ar feadh suas go dtí 10 lá (sonraíthíos)
- Tacaíocht lóistíochtúil leis na scrúduithe a reáchtáil i scoileanna thar thréimhse ama an amchláir don scoil sin – is féidir le scoileanna Cúntóir Scrúdaithe a cheapadh le haghaidh gach lá de na scrúduithe, um thráthnóna i rith na seachtaine nó ar lá i rith an deireadh seachtaine. Íocfar an ráta laethúil leis an CS seo i dtaca le gach tráthnóna/lá i rith an deireadh seachtaine.
- Cuirfidh CSS costais bhreise ar fáil a thabhaítear go sonrach ó thaobh teasa, glantacháin, airíochais agus trealaimh chosanta phearsanta (PPE) laistigh de scoileanna a bhaineann leis na scrúduithe bheith ar siúl um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

Mar is gnách, ceapfaidh scoileanna na Cúntóirí Scrúdaithe i gcomhréir leis an modheolaíocht atá ann cheana féin ag leibhéal na scoile í féin. B'fhiú do scoileanna a thabhairt faoi deara mura féidir dóthain pearsanra a earcú ó laistigh den chaidre teagaisc sa scoil, tá sé oiriúnach múinteoir ar scor ón scoil sin a earcú.

Ról agus Freagrachtaí na gCúntóirí Scrúdaithe

Ní gá gurb ionann an Cúntóir Scrúdaithe (CS) a bheidh ag plé le réamhphleanáil agus eagrú na scrúduithe roimh mhí na Samhna agus an CS a cheapfar chun tacaíocht lóistíochtúil a thabhairt do na scrúduithe ón 16^ú Samhain ar aghaidh, ach is féidir gurb é an duine céanna atá ann. Má bhíonn líon mór iarrthóirí ag iarraidh scrúduithe 2020 a dhéanamh i scoil agus/nó líon mór de sheisiúin scrúdaithe scaipthe ar fud thréimhse an amchláir, beidh sé de rogha ag scoileanna an ról a bhaineann le tacaíocht lóistíochtúil a roinnt idir líon de bhaill foirne na scoile le linn na scrúduithe.

Liosta táscach de na ról agus de na freagrachtaí:

An Ról Réamhphleanála

De bharr líon éagsúil na n-iontrálacha iarrthóra ar fud ghréasán na scoileanna dara leibhéal, is gá go mbeadh cur chuige céimnithe ann maidir le Cúntóir Scrúdaithe a cheapadh chun na críche seo, mar seo a leanas:

Líon na nIontrálacha Iarrthóra	Líon na Laethanta*
1 - 5 Iarrthóir	3
6 - 9 nIarrthóir	4
10 - 14 Iarrthóir	5
15 - 19 nIarrthóir	6
20 - 29 Iarrthóir	8
Os cionn 30 Iarrthóir	10

*Déanfar íocaíocht lae bhreise i dtaca le gach lá nach mór don Chúntóir Scrúdaithe a chaitheamh leis na ceistpháipéir a bhailiú agus a stóráil go sábháilte leis an sceideal scrúdaithe a chomhlíonadh do gach scoil ar leith – tá na sonraí leagtha amach thíos.

Tarlóidh an chuid is mó d’obair an CS seo roimh na scrúduithe a thosaíonn ar an 16^ú November. Ag obair faoi threoir iomlán bhainistíocht foirne an phríomhoide agus an leas-phríomhoide, beidh an CS seo ag feidhmiú as a stuaim féin leis an raon freagrachtaí atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh:

- Beidh sé de fhreagracht ar an CS scoláirí a shannadh do na hionaid a bheidh in úsáid do na scrúduithe de réir gach seisiúin, agus d’ionaid speisialta nuair iscuí.
- Beidh an CS rannpháirteach in earcú na bhfeitheoirí laistigh den scoil a bheidh ag teastáil do gach seisiún scrúdaithe ar fud na seomraí a bheidh in úsáid, lena n-áirítear na príomhionaid scrúdaithe (trialacha cluastuisceana san áireamh) agus ionaid speisialta. Beidh an CS feasach ar an mbealach is oiriúnaí chun spás a úsáid i gcomhthéacs bhonneagar na scoile agus éilimh áitiúla maidir le glantachán, socruithe díghalraithe agus an gá go mbeadh bonneagar na scoile ar fáil do ghnáthúsáid scoile an lá ina dhiaidh sin.
- Cuirfidh an CS liosta feitheoirí scrúdaithe agus liosta feitheoirí scrúdaithe cúltaca le chéile chun tréimhse na scrúduithe laistigh den scoil a chlúdach.
- Déanfaidh an CS socruithe chun glacadh le páipéarachas na scrúduithe, a eiseoidh CSS roimh na scrúduithe, agus é a stóráil go sábháilte.

- Beidh an CS sin freagrach as na boscaí ceistpháipéar atá faoi ghlas a bhailiú ón ionad dáileacháin atá ainmnithe ag CSS agus as an ábhar sin a thabhairt ar ais chuig na scoileanna agus é a stóráil go sábháilte ar áitreabh nascoile.
- Ar mhaithe le bainistíocht riosca agus slándáil na scrúduithe, beidh trí cinn d'ócáidí dáileacháin i gceist, áit a ndéanfaidh an CS páipéir a bhailiú:
 - Ar an Domhnach an 15^ú Samhain (ina mbeidh na páipéir do na scrúduithe atá le bheith ar siúl ón 16^ú Samhain go dtí an 22^ú Samhain);
 - ar an 22^ú Samhain do na scrúduithe atá le bheith ar siúl ón 23^ú Samhain go dtí an 29^ú Samhain; agus
 - ar an 29^ú Samhain do na scrúduithe atá fágtha sa scoil sin.

Seasfaidh CSS na costais a thabhoíd an CS i dtaca leis an ngné sin den ról a chur i gcrích agus déanfar na scoileanna a chúiteamh i dtaca le gach lá a thiteann sé go bhfuil na ceistpháipéir le bailiú don sceideal scrúduithe i ngach scoil ar leith.

An Ról Tacaíochta Lóistíochtúla

Beidh an CS freagrach as réachtáil na scrúduithe um thráthnóna le linn na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine thar thréimhse an sceidil. Faoi mar a léiríodh níos luaithe, d'fhéadfadh sé gur duine eile a bheadh i gceist anseo de réir mar a thagann an sceideal chun cinn. Tá réimse na bhfreagrachtaí leagtha amach thíos:

- Cinnteoidh an CS seo go mbeidh na seomraí ranga nó na spásanna eile ullmhaithe do na scrúduithe roimh gach seisiún, lena n-áirítear socruithe don ghlantachán agus don díghalrú etc. atá riachtanach, agus freisin, cinnteoidh an CS go mbeidh na spásanna sin réidh do ghnáthúsáid scoile nuair a bheidh gach seisiún scrúdaithe críochnaithe, lena n-áirítear glantachán, díghalrú etc.
- Nuair is cuí, agus ag brath ar na socruithe áitiúla don scoil, cinnteoidh an CS sin freisin go gcuirfear foirgnimh na scoile faoi ghlas agus go mbeidh an t-aláram socraithe de réir mar is gá.
- Bualadh leis na scoláirí nuair a thiocfaidh siad agus iad a threorú go dtí an áit ina mbeidh an scrúdú ar siúl.
- Dul i gcomhairle leis an bhfeitheoir atá ceaptha ag CSS chun go mbeidh teacht ag an bhfeitheoir sin ar an mbosca ceistpháipéar atá faoi ghlas agus á choinneáil in ionad sábháilte na scoile.
- Cúnamh a thabhairt d'fheitheoir CSS chun an páipéarachas riachtanach a chomhlánú, ar páipéarachas é a bhaineann leis an tinreamh iarbhír agus leis na leibhéil ag ar glacadh na scrúduithe a dheimhniú.

Socrú/Socruithe Réasúnta

Beidh fáil ag iarrthóirí a ceadaíodh dóibh socrú/socruithe réasúnta a úsáid do scrúduithe mhí an Mheithimh ar an acmhainn seo i mí na Samhna, m.sh. tarscaoileadh litrithe agus gramadaí, nó fáil ar léitheoir, scríobhaí nó ionad speisialta.

Ní féidir iarratais nua le haghaidh socrúithe réasúnta a cheadú in aon chás eile, seachas an gnáthphróiseas iarratais éigeandála atá i bhfeidhm gach bliain. Eiseoidh CSS tuilleadh teoracha agus treorach do scoileanna maidir leis seo níos gaire do na scrúduithe.

Ionaid Scrúduithe

Tá iarrthóirí á sannadh ag CSS lena scrúduithe a dhéanamh ina scoil féin agus níl siad á sannadh chuig ionad ar leith laistigh den scoil. Tá sé ann chun an tsolúbthacht is mó a thabhairt d'údaraisna scoileanna ó thaobh bhainistíocht cheart na scrúduithe ag leibhéal na scoile.

Feitheoir Seachtrach

Ó thaobh na scrúduithe a fheidhmiú, ceapfaidh CSS feitheoir seachtrach go dtí gach scoil chun déileáil leis na páipéir scrúdaithe a dháileadh agus chun bainistíocht a dhéanamh ar sonraí an tinrimh a bhaineann leis na scoileanna, agus chun an t-ábhar scrúdaithe críochnaithe a chur ar ais go dtí CSS tar éis gach seisiúin scrúdaithe. Ní dhéanfaidh an feitheoir seachtrach seo aon fheitheoireacht ar aon seisiún scrúdaithe de bharr scála agus scóip a bhfreagrachtaí seachas i gcásanna an-teoranta a bheidh i bhfeidhm mura mbíonn ach iontráil ó iarrthóir amháin leis na scrúduithe a dhéanamh sa scoil.

Ní bheidh feachtas earcaíochta ar leith á reáchtáil ag CSS le haghaidh feitheoirí. Ina ionad sin, tiocfaidh na feitheoirí seo as an ngrúpa iarratasóirí le haghaidh scrúduithe 2020 mar ní bheidh aon tionchar aige seo ar mhúinteoirí bheith ar fáil le haghaidh gnáthobair scoile.

Feitheoirí le feitheoireacht a dhéanamh ar na scrúduithe

Beidh feitheoirí ceaptha ag na scoileanna le feitheoireacht a dhéanamh ar na scrúduithe uile, mar an gcéanna leis na socrúithe d'ionaid speisialta sna blianta roimhe seo. Dá réir sin, déanfaidh scoileanna feitheoirí a lonnú sna príomhionaid agus in ionaid speisialta. An t-aon eisceacht a bheidh i bhfeidhm maidir leis an socrú seo ná sa chás nach bhfuil ach iontráil iarrthóra amháin ann don scoil. Sa chás sin, déanfaidh an Feitheoir atá ceaptha ag CSS feitheoireacht ar na scrúduithe a bheidh i gceist. Má bhíonn aon cheisteanna ag scoileanna maidir leis seo, téigh i dteagmháil le CSS ag an bpointe teagmhála mar atá leagtha amach thíos.

Freastalaithe

Is iondúil go gceapann scoileanna freastalaithe gach bliain chun cuidiú leis na feitheoirí ina ról maidir le hiarrthóirí a thionlacan chuig na leithris agus dul i gcomhairle le húdarais na scoile thar ceann an fheitheora. Tá CSS ag ceadú do scoileanna a bheith solúbtha maidir le freastalaithe a cheapadh i bpríomhionaid, ní in ionaid speisialta, ar bhonn riachtanais do scrúduithe mhí na Samhna, agus éileamh a chur chuig CSS ina leith sin in am trátha.

Treoir Sláinte Poiblí

Aithníonn CSS go bhfuil paidéim COVID-19 corrach go fóill ar fud na tíre, agus dá bhrí sin eiseoidh CSS treoir do scoileanna in am trátha maidir le ceisteanna sláinte poiblí breise a bhaineann le feidhmiú na scrúduithe. Ina theannta sin, eiseofar treoir chuig iarrthóirí a bhfuil i gceist acu na scrúduithe a dhéanamh maidir lena gcuid freagrachtaí ar bhonn aonair.

Costais a Aisghabháil ó CSS

Iarrfar ar scoileanna, in am trátha, na costais a tabhaíodh de bharr riachtanais agus go sonrach maidir le Scrúduithe mhí na Samhna a éileamh ó CSS, lena n-áirítear Cúntóirí Scrúduithe, Feitheoirí a cheap an scoil, Freastalaithe, solas, teas, airíochas agus glantachán.

Tuilleadh Treorach

Beidh treoir mhionsonraithe sa bhreis á heisiúint ag CSS chuig scoileanna maidir leis na hábhair seo go léir níos gaire do thús na scrúduithe, chomh maith leis na socruithe do mharcáil na scrúduithe agus do phróiseas na n-achomharc.

Idir an dá linn, má bhíonn aon cheisteanna agat, téigh i dteagmháil le CSS, le do thoil ar ríomhphost ar

November2020@examinations.ie nó cuir glaoch ar CSS ar 1800 111 135 nó 1800 111 136.

Is mian le CSS buíochas a ghlacadh arís leis na húdaráis scoile as ucht na scrúduithe seo a óstáil ar son a gcuid scoláirí ó 2020.

Catriona Hanevy
Príomhoifigeach
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
21 Deireadh Fómhair 2020
Ríomhphost: info@examinations.ie
Suíomh Gréasáin: www.examinations.ie.